# 4 Léargas Ginearálta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

**4.1** Is comhaontú conartha é comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (PPP) idir comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí i gcomhair soláthar bonneagair agus/nó seirbhísí. I bhformhór na gcásanna, tugann an comhpháirtí earnála poiblí luach saothair don chomhpháirtí earnála príobháidí, faoi réir feidhmíochta sásúla, i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha le linn théarma an chonartha.[1] Tá difear idir é seo agus an gnáthmhodh soláthar láithreach arna mhaoiniú ag an Státchiste agus socruithe oibríochta agus cothabhála na sócmhainne á soláthar ar leithligh ag an earnáil phoiblí. Is iondúil go n-eascraíonn oibleagáidí maoinithe ar pháirtithe earnála poiblí as tiomantais faoi PPP a mhaireann ar feadh 25 nó 30 bliain nó níos faide.

**4.2** Cuireadh an tuarascáil seo le chéile chun eolas a chur ar fáil ar na forbairtí a bhaineann le PPP ó bhí 2012 ann.[2] Na ranna/gníomhaireachtaí bainteacha a chuir an t-eolas ar fáil, lena n-áirítear mionsonraí ar chonarthaí PPP a rinneadh ó bhí 2012 ann, achoimre ar thionscadail atá á bhforbairt faoi láthair agus mionsonraí ar mheastóireachtaí tréimhsiúla agus athbhreithnithe iarthionscadail a rinneadh. Chuathas i gcomhairle fosta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA).

## Caiteachas comhiomlán agus tiomantais

**4.3** Coinníonn RCPA suíomh gréasáin ar a dtugtar eolas agus treoir ar phróiseas PPP, uasdátuithe ar fhorbairtí agus eolas ar thionscadail.[3] Cuimsítear ar an suíomh gréasáin fosta sceideal mórthionscadail PPP agus taispeántar croí-mhionsonraí lena n-áirítear caiteachas go dáta agus an caiteachas iomlán réamh-mheasta reatha go deireadh tionscadail. Is é atá i gceist le mórthionscadail iad siúd arb é €20 milliún nó níos mó costas iomlán cruthú sócmhainní.

**4.4** Is ón roinn/gníomhaireacht bhainteach a fhaigheann RCPA an t-eolas a bhaineann le sceideal na dtionscadal agus cuireann i gcomparáid é le heolas ábhartha eile. Nuair a thagann difríochtaí aníos, iarrann RCPA soiléiriú ón roinn/gníomhaireacht bhainteach.

**4.5** Breis bheag is €3 billiún an caiteachas iomlán go deireadh 2016 a tuairiscíodh ar an suíomh gréasáin agus, ag an bpointe sin, €6.6 billiún na ceangail airgid ar measadh iad a bheith fós gan íoc ag an staid sin. Tá an sceideal is déanaí tionscadal ón suíomh gréasáin ar fáil in Aguisín 4A. Is ionann na híocaíochtaí réamh-mheasta agus meastacháin ag deireadh 2016 agus d'fhéadfadh sé go n-athrófaí iad seo, ag brath ar thosca amach anseo. Cuimsítear sna ceangail iad siúd a eascraíonn as tionscadail atá á dtógáil faoi láthair áit nár cuireadh tús go fóill le seirbhís. Méadaíodh an caiteachas iomlán réamh-mheasta ar PPPanna le linn na gconarthaí ó €6.1 billiún ag deireadh 2012 go €9.6 billiún ag deireadh 2016. Is léiriú é an méadú ar chonarthaí nua a síníodh sa tréimhse sin.

**4.6** Sonraíodh in *Plean Infheistíocht Bonneagair agus Caipitil 2016 go 2021* go dteorannófar costas iomlán PPPanna go 10% de chaiteachas caipitil iomlán Státchiste bliantúil. Measann RCPA go méadófar costas iomlán bliantúil íocaíochtaí aonadacha ar gach tionscadal reatha agus beartaithe PPP ó €225 milliún in 2016 go €345 milliún in 2021.

1 D'fhéadfadh íocaíochtaí ag úsáideoirí seirbhíse (m.sh. dolaí bóthair) a bheith mar chuid de thionscadail fosta.

2 Tugadh eolas ar thiomantais airgeadais a eascraíonn as PPP ag deireadh 2012 agus ar fhorbairtí eile san am sin i gCaibidil 3 den *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012.*

3 www.ppp.gov.ie

**4.7** Tá maíte ag RCPA go gcuirtear san áireamh sa teorainn 10% costas comhiomlán gach íocaíocht chomhiomlán le cois costais eile (amhail sealbhú talún nó obair chumasúcháin). Comhordaíonn RCPA an mheicníocht rialaithe seo trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na costais a ghabhann le PPPanna nuafhaofa ar bith. Mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar PPPanna atá á dhéanamh ag an am céanna le hathbhreithniú meántréimhse ar *Plean Infheistíocht Bonneagair agus Caipitil*, tá RCPA ag athbhreithniú an chuir chuige polasaí i leith dliteanais PPP amach anseo a rialú.

## Dul chun cinn tionscadal ó 2012 i leith

**4.8** Tá achoimre in Fíor 4.1 ar stádas, i mí Iúil 2017, tionscadal a cuimsíodh sa Phacáiste Spreagthaigh Bonneagair a fógraíodh i mí Iúil 2012 nó a bhí á bhforbairt ag an am sin. Tá bunús na dtionscadal tugtha chun cinn, lena n-áirítear dhá thionscadal mar a raibh na háiseanna cuí ag feidhmiú faoi mhí Iúil 2017. Trí thionscadal a moladh i gcomhair forbartha mar PPPanna in 2012, ní mar sin a tugadh chun cinn iad.

**4.9** Dhá thionscadal eile a forbraíodh ó 2012, tá siad anois ag céim an mhargaidh

- Is é atá i mBeart Tithíochta Sóisialta 1, 6 láithreán i gceithre chontae - Baile Átha Cliath (3), Cill Dara, Cill Mhantáin agus Lú. Tuairim ar 530 an líon iomlán ionchais aonaid tithíocht shóisialta. Foilsíodh an fógra conartha i mí na Bealtaine 2017.
- Is é atá i dTráinse 2, Limistéir Sheirbhíse Mótarbhealaí, limistéir sheirbhíse ar an M6, M9 agus M11. I ndiaidh do thearcthairgeoir dúshlán dlí a tharraingt siar in Aibreán 2017, tá tús curtha arís le plé conartha leis an tairgeoir roghnaithe.

**4.10** Tá roinnt tionscadail eile atá ag céimeanna éagsúla forbartha ach amhail Iúil 2017 ní raibh céim an mhargaidh bainte amach acu fós

- Oideachas - tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Ardoideachas ag measúnú moltaí ó institiúidí ardoideachais a bhaineann le tionscadail a d'fhéadfaí a sholáthar trí PPP. Tá measúnuithe oiriúnachta le déanamh ar thionscadail fhéideartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Údarás um Ardoideachas i gcomhar le GNFA. Tionscadail a meastar iad a bheith oiriúnach, beidh siad faoi réir meastóireacht iomlán de réir an *Chóid Caiteachais Phoiblí.* Tá obair réamhsholáthair idir lámha ar thionscadal lóistín do mhic léinn lonnaithe ar Champas Ghráinseach Ghormáin.
- Sláinte - i mí Aibreáin 2017, fuair FSS faomhadh ón Roinn Sláinte chun dul ar aghaidh le forbairt cnuasach de thithe altranais pobail a bheadh le soláthar trí PPP.
- Cúirteanna - tá forbairt ionad cúirteanna i Lána Hammond, Baile Átha Cliath, do chúirteanna teaghlaigh agus leanaí go príomha, ag an gcéim réamhsholáthair. Tá an mheastóireacht chaipitil agus an measúnú soláthar PPP comhlánaithe agus curtha faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Tithíocht - tá ocht suíomh roghnaithe i gcomhair Beart Tithíochta Sóisialta 2 - Corcaigh (3), Gaillimh, Port Láirge, an Clár, Cill Dara agus Ros Comáin. Idir 456 agus 476 an líon aonaid tithíochta sóisialta a bhfuiltear ag dúil leis. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an bpróiseas soláthar PPP roimh dheireadh 2017. Táthar ag súil go gcuirfear i gcrích in 2017 roghnú suíomhanna don tríú beart tithíochta sóisialta.

## Fíor 4.1 Tionscadail PPP á bhforbairt amhail Iúil 2012, stádas ag Iúil 2017

| Stádas tionscadail amhail Iúil 2012 | Stádas amhail Iúil 2017 |
|---|---|
| **Beartán Scoileanna 4**<br>**Ag céim an mhargaidh.** Sé scoil ar chúig shuíomh sa Chlár, i gCorcaigh, Cill Dara, Lú agus Tiobraid Árann. | **Oibríochtúil.** Scóip laghdaithe ó shé go ceithre scoil. Ceithre iar-bhunscoil á n-oibriú sa Chlár, i gCorcaigh, Lú agus Tiobraid Árann. Cuireadh tús le seirbhís sna ceithre scoil uile faoi mhí na Bealtaine 2016. |
| **Beartán Scoileanna 5**<br>**Ag céim an mhargaidh.** Cúig scoil agus coláiste bhreisoideachais amháin ar cheithre shuíomh i Loch Garman, Cill Mhantáin, an Mhí agus Ceatharlach. | **Á dtógáil.** In Iúil 2016, aontaíodh conradh.<br>Táthar ag súil le tús a chur le seirbhís i dtrí scoil faoi dheireadh 2017 agus sna trí scoil eile go luath in 2018. |
| **Campas Ghráinseach Ghormáin ITBÁC**<br>**Céim Réamh-mhargaidh.** Tógáil cearnóga láir agus thoir. | **Céim táirgeora roghnaithe.** I ndiaidh dúshlán ó thearcthairgeoir nár éirigh leis, tá an tionscadal ag dul ar aghaidh anois chuig céim an chonartha. |
| **Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe**<br>**Céim Réamh-mhargaidh.** | **Níl sé ag dul chun cinn mar PPP.** Chuir imeachtaí dlí a bhain, den chuid is mó, le faomhadh pleanála moill ar an tionscadal. Tá cuarbhóthar nua Chathair na Gaillimhe ag an gcéim dheartha agus meastóireacht chomhshaoil. Má théann an tionscadal nua ar aghaidh, tá sé beartaithe gurbh é an Státchiste a d'fhaomhfadh go díreach é. |
| **N11 An tInbhear Mór-Ráth Naoi agus Crois an Fhearainn Nua**<br>**Céim táirgeora roghnaithe.** Bronnfar an conradh faoi dheireadh 2012. | **Oibríochtúil.** Soláthraíodh uasghráduithe ar an N11 agus Crois an Fhearainn Nua faoi aon chonradh amháin agus bhí siad oibríochtúil in Iúil 2015 agus mí na Samhna 2014, faoi seach. |
| **N17/N18 Gort go Tuaim**<br>**Céim táirgeora roghnaithe.** | **Á thógáil.** Bronnadh an conradh in Aibreán 2014. Táthar ag súil go mbeidh sé oibríochtúil faoi dheireadh 2017. |
| **M11 Guaire go hInis Córthaidh**<br>**Ag céim an mhargaidh.** | **Á thógáil.** Bronnadh an conradh i nDeireadh Fómhair 2015. Táthar ag súil go mbeidh sé oibríochtúil in 2019. |
| **N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin**<br>**Ag céim an mhargaidh.** | **Á thógáil.** Bronnadh an conradh i mí Eanáir 2016. Táthar ag súil go mbeidh sé oibríochtúil in 2019. |
| **Ionaid Cúraim Phríomhúil**<br>**Céim Réamh-mhargaidh.** 20 ionad cúraim príomhúil, ina dhá bheartán de 10. | **Á thógáil** (beartán amháin de 14 ionad). Aontaíodh an conradh i mí na Bealtaine 2016. Táthar ag súil go mbeidh gach ionad oibríochtúil faoi 2018. |
| **Ceannáras Rannóige an Gharda Síochána**<br>**Céim Réamh-mhargaidh.** | **Níor soláthraíodh mar PPP.** Soláthraíodh foirgnimh ó shin i mBaile Átha Cliath (Sráid Chaoimhín), Gaillimh agus Loch Garman tríd an ghnáthshamhail mhaoiniúchán Státchiste. Tá siad á dtógáil faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh siad curtha i gcrích idir deireadh 2017 agus go luath in 2018. |
| **Foirgneamh Paiteolaíochta an Stáit** | **Níor soláthraíodh mar PPP.** Óir measadh go mb'fhéidir nach meallfaí an spéis chuí sa mhargadh mar gheall ar nádúr casta an fhoirgnimh. Bhí an tionscadal oibríochtúil in 2016. Tá an costas á roinnt idir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| **Beartán na gCúirteanna**<br>**Céim réamh-mhargaidh.** Athchóiriú agus síntí ar thithe cúirte i gCorcaigh, an Muileann gCearr agus Port Láirge agus tithe cúirte nua i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach agus Loch Garman. | **Á dtógáil.** Bronnadh an conradh i mí na Nollag 2015. Cuireadh tús le seirbhís i dTeach Cúirte Dhroichead Átha i mí Iúil 2017. Táthar ag súil go gcuirfear an tógáil i gcrích in 2018. |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bonneagar Iompair Éireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

## Maoiniú Choimisiún na hEorpa agus An Banc Eorpach Infheistíochta

**4.11** Bhí comhpháirtithe príobháideacha i dtrí thionscadal PPP in ann leas a bhaint as tionscnaimh maoiniúcháin Eorpacha.

- Maidir le tionscadal Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin N25, bhíothas in ann leas a bhaint as Tionscnamh Bhanna Tionscadail 2020 na hEorpa. Is é cuspóir an tionscnaimh maoiniú margadh caipitil a spreagadh do thionscadail bhonneagair mhórscála sna hearnálacha iompair, fuinnimh agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Tá d'aidhm aige a chur ar chumas tacadóirí incháilithe tionscadail cistí príobháideacha a mhealladh ó infheisteoirí institiúideacha trí fheabhsú creidmheasa a chur ar fáil do na tacadóirí seo.
- Bhain an tionscadal Ionaid Cúraim Phríomhúil leas as maoiniú ón gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha. Is é aidhm an Chiste an bhearna infheistíochta a shárú agus iomaíochas domhanda a neartú san Aontas Eorpach trí €500 billiún ar a laghad de mhaoiniú príobháideach a chur ar fáil d'infheistíochtaí straitéiseacha idir 2015 agus 2020.
- Is ar chuibhreannas lena n-áirítear Ciste Eorpach 2020 um Fhuinneamh, Athrú Aeráide agus Bonneagair (ar a dtugtar Ciste 'Marguerite') a bronnadh conradh N17/N18 Gort go Tuaim. Tá 6 chroí-urraitheoir ag an gciste lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta. Tá tiomantas ag Coimisiún na hEorpa fosta go ndéanfaidh siad infheistíocht sa chiste.
- I Meitheamh 2017, d'aontaigh an Banc Eorpach Infheistíochta socrú creata iasachta €160 milliún le maoiniú a chur ar fáil do na trí Bheartán PPP Tithíochta Sóisialta.

## Agóidí dlíthiúla

**4.12** Tá tionscadail PPP leochaileach i leith agóide dlíthiúla agus féadann moilleanna suntasacha a bheith mar thoradh orthu. Tá sé seo le sonrú le tamall anuas i roinnt tionscadal nuair a rinne tearcthairgeoirí agóid dhlíthiúil.

- Rinne tearcthairgeoir amháin ar thionscadal PPP ITBÁC Ghráinseach Ghormáin agóid dhlíthiúil i Márta 2015. Chuir sé seo moill dhá bhliain ar an tionscadal. I nDeireadh Fómhair 2016, chaith an Ard-Chúirt an agóid amach. Gearradh costais dhlíthiúla ar an tearcthairgeoir.
- In 2015, rinne ceann de na tearcthairgeoirí agóid i leith phróiseas meastóireachta tairiscintí Thráinse 2 de na Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaí. Éisteadh athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt i Meitheamh 2016 agus ina dhiaidh sin tharraing an tearcthairgeoir siar an agóid in Aibreán 2017. Faoi mhí Iúil 2017 bhí costais dlí dar suim €575,000 (gan CBL san áireamh) tabhaithe ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir leis an gcás. Tá plé faoin gconradh atosaithe ag TII leis an tairgeoir roghnaithe.
- Rinne an tearcthairgeoir le haghaidh Thionscadal N17/N18 Gort go Tuaim agóid dhlíthiúil i mí Eanáir 2015. Cuireadh na himeachtaí dlíthiúla i gcrích i mí Iúil 2017 nuair a tharraing an tearcthairgeoir an t-achomharc siar ón gCúirt Achomhairc. Thabhaigh an TII costais dlí dar suim €120,000 (gan CBL san áireamh) agus iad ag cosaint na hagóide.

## Bainistíocht thionscadail oibríochtúla PPP

**4.13** Bhí fiche tionscadal mór PPP i bhfeidhm i mí Iúil 2017 (féach Fíor 4.2).

**Fíor 4.2 Tionscadail oibríochtúla PPP**

| Údarás urraithe nó conartha/ainm tionscadail | Tús leis an tseirbhís |
|---|---|
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | |
| Beartán Píolótach Scoileanna | 2002 |
| Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann [a] | 2004 |
| Scoil Cheoil Chorcaí [a] | 2007 |
| Beartán Scoileanna 1 | 2010 |
| Beartán Scoileanna 2 | 2011 |
| Beartán Scoileanna 3 | 2014 |
| Beartán Scoileanna 4 | 2016 |
| An tSeirbhís Chúirteanna [b] | |
| Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla | 2009 |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt/Oifig na nOibreacha Poiblí[c] | |
| An Lárionad Náisiúnta Comhdhála | 2010 |
| Bonneagar Iompair Éireann | |
| M4 Cill Choca/Cionn Átha Gad | 2005 |
| M1 Seachbhóthar Iarthar Dhún Dealgan | 2005 |
| M8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí | 2006 |
| N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge | 2009 |
| N18 Tollán Luimnigh | 2010 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 2010 |
| M6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | 2009 |
| M7/M8 Port Laoise/An Chúlchoill | 2010 |
| Uasghrádú M50 | 2010 |
| Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaí Tráinse 1 | 2010 |
| Crois an Fhearainn Nua agus N11 An tInbhear Mór-Ráth Naoi | 2014/2015 |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bonneagar Iompair Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Chúirteanna agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Nótaí:

a Is cuid d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí iad Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann agus Scoil Cheoil Chorcaí.

b Cuireadh tús le seirbhís i dTeach Cúirte Dhroichead Átha, atá i measc seacht dteach cúirte i dTionscadal PPP Bheartán na gCúirteanna i Meitheamh 2017.

c Is í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an t-údarás urraithe agus is í Oifig na nOibreacha Poiblí an t-údarás conartha.

### *Athruithe maidir le caiteachas*

**4.14** Costais bhreise don chomhpháirtí earnáil phoiblí an toradh féideartha ar athruithe thionscadal a iarrtar i ndiaidh aontú an chonartha le linn tógála nó feidhmithe. Ba iad na hathruithe suntasacha le blianta beaga anuas

- Athruithe ó bhí 2013 ann ar cheithre cinn de na Beartáin Scoileanna ba chúis le costas breise €3.7 milliún ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Bhain €2.5 milliún de seo le hobair thógála agus feistithe ar aonaid riachtanais speisialta i mBeartáin Scoileanna 2 agus 3. Tá ráite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh sé seo amhlaidh óir bhí pholasaí nua ar sholáthar aonaid riachtanais speisialta á fhorbairt.[1] Mhaígh an Roinn fosta nár bhain aon chostas le cuid de na hathruithe a feidhmíodh.
- €510,000 an costas ar athruithe a d'iarr an tSeirbhís Chúirteanna i ndáil leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla ó bhí 2013 ann. As seo, baineann €448,000 le hoibreacha a bhí de dhíth maidir le seomraí breithimh a chur ar fáil chun Cúirt Speisialta Choiriúlachta bhreise a éascú.
- €13.3 milliún an costas a bhí ar athruithe a thabhaigh TII le linn thréimhse 2013 go 2016. As seo, bhain €5.3 milliún le hathruithe céim thógála ar dhá scéim - N11 An tInbhear Mór-Ráth Naoi agus Scéim Chrios an Fhearainn Nua (€4.2 milliún), agus Scéim N17/N18 Gort go Tuaim (1.1 milliún). €4.7 milliún na costais athraithe céim oibríochtúil ar scéim PPP an M50. Baineann gach athrú eile le suiteáil plátaí marcála, comharthaíocht bhreise, tírdhreachadh agus bacainní sábháilteachta ar toradh dóibh costais bhliantúla oibríochtúla agus cothabhála athfhillteacha.

### *Tagarmharcáil agus tástáil margaidh*

**4.15** Úsáidtear tagarmharcáil agus tástáil margaidh i gconarthaí PPP lena chinntiú go leanann an Stát de luach ar airgead a ghnóthú maidir le seirbhísí conartha a chuirtear ar fáil le linn an chonartha. Is iondúil go leagtar amach sa chonradh na seirbhísí a bhíonn le tástáil ('seirbhísí intástála') agus féadann an comhpháirtí poiblí nó príobháideach na próisis tástála a fhorfheidhmiú.

**4.16** Baineann tagarmharcáil leis an gcomhlacht PPP a dtáillí féin (nó táillí a fhochonraitheoirí) i gcomhair soláthar seirbhísí a chur i gcomparáid leis an bpraghas reatha margaidh ar na seirbhísí céanna. Féadann méadú nó laghdú sa mhuirear aonadach a bheith mar thoradh ar an tagarmharcáil, ag brath ar thoradh na comparáide.

**4.17** Sa chás nach n-aontaíonn páirtithe poiblí agus príobháideacha ar thoradh an phróisis tagarmharcála, cuirtear ar chumas na bpáirtithe, trí na conarthaí PPP, beart aonair tástáil margaidh a dhéanamh. Is é a bhíonn i gceist, an comhlacht PPP atairiscint a dhéanamh ar na seirbhísí bainteacha d'fhonn luach ar airgead seirbhísí reatha a thástáil i leith soláthraithe margaidh atá in iomaíocht leis. Ba chóir aon mhéadú nó laghdú ar chostais a leithéid seo de sheirbhísí i ndiaidh tástáil margaidh a léiriú i gcoigeartú an mhuirir aonadaigh.

**4.18** Chuir ranna/gníomhaireachtaí aonair in iúl go ndearnadh roinnt athbhreithnithe tagarmharcála le blianta beaga anuas.

### *Tionscadail oideachais*

**4.19** Ó bhí 2013 ann, cuireadh bearta tagarmharcála i gcrích i leith Bheartáin Scoileanna 1 agus 2. An toradh bhí orthu seo gan aon athrú a bheith ar an muirear aonadach. Chinn an Roinn Oideachais agus Scileanna gan dul i mbun tagarmharcála i gcomhair a gcuid tionscadail eile nuair a tháinig an deis aníos.

1 *Treoir Deartha Scoileanna TGD - 026 Treoir Pleanála agus Deartha agus Sainchóiríocht Iar-bhunscolaíochta do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012.*

### *Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla*

**4.20** Aithníodh i dtagarmharcáil roinnt seirbhísí intástála in 2016 méadú breis bheag is 2% ar chostais seirbhísí intástála. Ach as siocair é seo a bheith faoi bhonn na tairsí céatadáin atá sa chonradh, níor cuireadh aon mhéadú i bhfeidhm.[1]

### *An Lárionad Náisiúnta Comhdhála*

**4.21** Rinneadh seirbhísí lónadóireachta a thagarmharcáil in 2016 agus foilsíodh an tuairisc i mí Eanáir 2017. Ba é tátal na tuairisce maidir leis an mbeart tagarmharcála "gur léir go bhfuil cáilíocht, cost-éifeachtúlacht agus iomaíochas an tsoláthraí reatha ar aon dul leis an margadh agus, i gcroíréimsí, gur fearr é ná a chuid iomaitheoirí". Níl aon chostas ar an tionscadal de gheall ar sheirbhísí lónadóireachta (ná ní íoctar astu sa mhuirear aonadach) óir íocann an soláthraí seirbhís lónadóireachta coimisiún leis an gcomhlacht PPP.

**4.22** Ós rud é go raibh páirtí príobháideach chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí glantacháin, seirbhís bainistíocht dramhaíola, seirbhísí cothabhála agus seirbhísí bainistíocht fóntais, d'aontaigh OOP nár ghá tagarmharcáil ar na seirbhísí seo agus go bhféadfaí toradh na tairisceana a mheas mar thástáil margaidh. Tá tairiscintí curtha i gcrích agus tá maíte ag OOP, a fhad is atá an próiseas ar siúl, go bhféadfadh sé go méadófaí costas seirbhísí cothabhála agus seirbhísí fóntais agus gur dócha go laghdófaí costas seirbhísí glantacháin agus seirbhísí bainistíocht dramhaíola. Ní gá don chomhlacht PPP bearta tagarmharcála agus tástáil margaidh a dhéanamh ach maidir leis na seirbhísí intástála sin atá á bhfeidhmiú ag páirtí eile seachas ag an oibreoir. Taobh amuigh de na seirbhísí atá luaite thuas, níl aon seirbhís eile faoi réir tagarmharcála agus tástáil margaidh faoi láthair.

### ***Feidhmíocht agus asbhaintí infhaighteachta***

**4.23** Is iondúil go gcuimsítear i gconarthaí PPP clásail trína nasctar an íocaíocht le feidhmíocht agus na háiseanna agus seirbhísí dár bronnadh an conradh a bheith ar fáil. Idir 2013 agus 2016, gearradh asbhaintí dar suim beagán os cionn €1 milliún ar mhuirir aonadacha (Figure 4.3).

**Fíor 4.3 Asbhaintí as muirir aonadacha 2013 go 2016[a]**

| Tionscadal | 2013 €000 | 2014 €000 | 2015 €000 | 2016 €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Beartán Píolótach Scoile | 3 | 1 | — | 2 | **6** |
| An Coláiste Náisiúnta Muirí | — | — | 2 | 1 | **3** |
| Scoil Cheoil Chorcaí | — | — | — | — | **—** |
| Beartán Scoileanna 1 | 3 | 1 | 1 | 25 | **30** |
| Beartán Scoileanna 2 | 179 | 39 | 54 | 208 | **480** |
| Beartán Scoileanna 3 | — | 7 | 26 | 66 | **99** |
| Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla | 5 | 4 | — | 162 | **171** |
| An Lárionad Náisiúnta Comhdhála | — | 4 | 76 | 96 | **176** |
| Tionscadail TII | — | — | 10 | 43 | **53** |
| **Iomlán** | **190** | **56** | **169** | **603** | **1,018** |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna, an tSeirbhís Chúirteanna, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Bonneagar Iompair Éireann

Nóta: a Níl Beartán Scoileanna 4 san áireamh óir ní raibh sé oibríochtúil go dtí 2016.


1 Foráiltear sa chonradh má tá costais margaidh idir 95% agus 105% den tsamhail airgeadais nach ndéanfar aon athrú ar an muirear aonadach.

**4.24** €480,000 iomlán na n-asbhaintí a bhain le Beartán Scoileanna 2 le linn na gceithre bliana go dtí 2016. Na príomhchúiseanna a bhí leo seo, bhain siad le cliseadh trealaimh, gan seomraí a bheith ar fáil agus roinnt deacrachtaí feidhmíocht seirbhíse. Is le hinfhaighteacht go príomha a bhain asbhaintí i leith Bheartán Scoileanna 3.

**4.25** Gan seomraí a bheith ar fáil roinnt uaireanta ba chúis le hasbhaintí i leith an tionscadail Cúirteanna Coiriúla. Bhain an asbhaint is suntasaí, dar suim €140,000, le heaspa soláthar buan cumhachta a bheith i ngach seomra ina raibh gairis ghréasáin agus trealamh digiteach cumarsáide.

**4.26** Nuair nár comhlíonadh an líon toscairí idirnáisiúnta in 2014/2015 mar a leagadh amach i gconradh an Lárionaid Comhdhála Náisiúnta gearradh asbhaint €164,000 in 2015/2016 (Fíor 4.4). Tráth foilsithe na tuarascála seo, bhí figiúirí 2016/2017 á scrúdú ag OOP agus GNFA. Mhaígh OOP gur dócha go gcomhlíonfar an sprioclíon 32,140 de thoscairí idirnáisiúnta.

**Fíor 4.4 Toscairí comhdhála idirnáisiúnta, Lúnasa 2010 go mí Iúil 2017**




Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

Nótaí: a Lúnasa go mí Iúil bliain íocaíochta an chonartha.

b Tráth foilsithe na tuarascála seo, ní raibh figiúirí iarbhír 2016/2017 ar fáil.

**4.27** Oibreacha ar toradh dóibh gan lánaí a bheith ar fáil ar thionscadal PPP N11 an tInbhear Mór/Ráth Naoi ba chúis le hasbhaintí a ghearr TII. Maidir le Scéim Uasghrádaithe M50, mhaígh TII gur leasaigh sé téarmaí an chonartha ag tús na tréimhse oibríochtúla agus gurbh é an toradh a bhí air sin cealú easpa cosanta ar asbhaintí mar gheall ar neamh-infhaighteacht. Mar chúiteamh air sin, chinntigh TII soláthar leanúnach cúig fheithicil tarrthála ar chostas €37,000 sa mhí. Mhaígh TII fosta gurb é toradh na seirbhíse feabhsaithe feithiclí tarrthála buntáistí suntasacha trí réiteach teagmhas níos éifeachtaí agus laghdú moilleanna mar gheall ar theagmhais.

### ***Socruithe Ioncaim agus comhroinnt riosca***

**4.28** I roinnt tionscadal tá forálacha sa chonradh a bhaineann le comhroinnt ioncaim agus/nó comhroinnt riosca a bhaineann le hardéileamh nó le costais.

*Tionscadail oideachais*

**4.29** Forálann conarthaí beartáin scoileanna comhroinnt ioncaim a éiríonn as úsáid áiseanna ag tríú páirtithe nuair nach mbíonn feidhm eile á baint as scoileanna. Tá ráite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nár baineadh ach feidhm theoranta tríú páirtí as scoileanna agus, mar sin de, nach raibh aon chomhroinnt brabús ábharach i gceist.

**4.30** Lena chois sin, forálann conarthaí Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann agus Scoil Cheoil Chorcaí comhroinnt ioncam a eascraíonn as úsáid tríú páirtí agus/nó ioncam lónadóireachta. Ó bhí Meán Fómhair 2013 ann, an toradh a bhí air seo ioncam tuairim ar €135,000 don Stát i gcás Scoil Cheoil Chorcaí agus €28,000 do Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann.

*An Lárionad Náisiúnta Comhdhála*

**4.31** Tá socrú comhroinnte ioncaim ar bun sa chás go sáródh an Lárionad Náisiúnta Comhdhála tairseacha a shonraítear sa chonradh. Úsáidtear aon ioncam atá os cionn na tairsí sainithe, áfach, sa chéad dul síos chun na rátaí tráchtála a íoc sula mbíonn aon mhéid iníoctha leis an OOP.[1] In 2012, €34,000 an méid ioncaim a bhí ar fáil agus úsáideadh é chun cuid de bhille rátaí an Lárionaid a íoc. In 2013, ioncam dar suim €2.4 milliún a bhí ar fáil agus úsáideadh €1.1 milliún chun rátaí a íoc. Roinneadh an t-iarmhéid agus fuair an OOP €600,000 (45%). De thoradh achomhairc rathúil ar luacháil inrátáilte an Ionaid laghdaíodh na rátaí iníoctha ó 2011 i leith. In 2015, aontaíodh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aisíoc rátaí dar suim €1.7 milliún dlite don OOP. Úsáideadh é seo chun rátaí 2015 agus 2016 a íoc (€704,000 in aghaidh gach bliana) agus úsáideadh an t-iarmhéid (€325,000) le cuid de rátaí 2017 a íoc. Ní raibh aon sciar ioncaim le híoc le OOP in 2014, 2015 ná 2016 óir níor sháraigh ioncam an chomhlachta PPP an tairseach a leagadh amach sa chonradh sna blianta sin.

**4.32** In 2015, thabhaigh OOP sábháiltí €35,000 de thoradh athbhreithniú comhroinnt riosca árachais i leith na tréimhse trí bliana Lúnasa 2011 go Lúnasa 2014. Tá athbhreithniú eile le déanamh sa bhliain 2017.

*Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla*

**4.33** Thabhaigh an tSeirbhís Chúirteanna sábháiltí €617,000 de thoradh athbhreithniú roinnt riosca árachais.

1 Tá rátaí iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.


### *Tionscadail Iompair*


**4.34** Tá roinnt socruithe comhroinnt riosca ar siúl i scéimeanna bóthair ar toradh dóibh íocaíochtaí do nó leis an bpáirtí príobháideach

- Comhroinnt ioncam dola - Foráiltear i gconarthaí bóithre dola PPP go gcomhroinntear ioncam dola atá os cionn leibhéil tairsí tráchta a shainítear sa chonradh.[1] In 2016, tharla sé seo i gcás Sheachbhóthar Iarthair Dhún Dealgan M1 (€1 milliún íoctha le TII) agus M4/M6 Chill Choca-Cionn Átha Gad (€2.5 milliún íoctha le TII).
- Comhroinnt riosca tráchta - foráiltear i gconarthaí thionscadail M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus Thollán Luimnigh gur féidir le TII íocaíochtaí ráthaíochta a bhaineann le trácht a thabhairt don chomhpháirtí príobháideach mura mbaineann leibhéil iarbhír tráchta leibhéil a leagtar amach sa chonradh. In 2016, íocadh €1.2 milliún leis an gcomhpháirtí príobháideach faoi chonradh M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus €4.6 milliún i gcás chonradh Thollán Luimnigh. Léirítear i bhFíor 4.5 an tairseach ráthaíocht tráchta, na méideanna iarbhír tráchta go 2016 - i gcásanna forbairt tráchta íseal agus mheánach. Bunaithe ar chás forbairt tráchta íseal, leanfaidh an Stát d'íocaíochtaí ráthaíochta tráchta a thabhairt go dtí 2025 i gcás M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus i gcás forbairt tráchta mheánach, d'fhéadfaí stop a chur leis na híocaíochtaí seo chomh luath le 2019. I gcás Thollán Luimnigh, leanfaidh an Stát d'íocaíochtaí ráthaíochta tráchta a thabhairt i rith an chonartha faoin dá chás.
- Comhroinnt riosca árachais - foráiltear comhroinnt riosca árachais i seacht gconradh. Déantar athbhreithnithe ar chomhroinnt riosca árachais gach trí bliana. D'íoc comhpháirtithe príobháideacha suim iomlán €1.2 milliún le TII in 2016 de thoradh na n-athbhreithnithe seo.
- I mí na Bealtaine 2016, shábháil TII €23 milliún (€10.27 milliún i dtéarmaí glanluach reatha) i ndiaidh athmhaoiniú thionscadal bóthair PPP N17/18 Gort go Tuaim. Thug an GNFA comhairle airgeadais do TII i rith na n-idirbheartaíochtaí leis na comhpháirtithe príobháideacha.

1 Baineann sé seo le gach conradh dola de chuid PPP ach amháin uasghrádú M50 óir ní bhailíonn an páirtí príobháideach na dolaí.

**Fíor 4.5 M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus Tollán Luimnigh, trácht iarbhír agus réamh-mheasta 2009 go 2039 (cás forbartha ísle[a] agus meánaí[b])**




Foinse: Bonneagar Iompair Éireann

Nótaí: a Forbairt íseal: 7.5% idir mí Iúil agus mí na Nollag 2017, 2% in 2018, 2019, 2020 agus 1% ina dhiaidh sin.

b Forbairt mheánach: 7.5% idir mí Iúil agus mí na Nollag 2017, 5% in 2018, 2019, 2020 agus 1% ina dhiaidh sin.

## Athbhreithnithe iarthionscadail

**4.35** Cuireann an *Cód Caiteachais Phoiblí* iallach ar urraithe tionscadail a chinntiú go ndéantar athbhreithnithe iarthionscadail i gcás gach tionscadal caipitil dar luach breis agus €20 milliún.[1] Feidhmítear é seo más trí PPP nó trí ghnáthphróisis a soláthraíodh an tionscadal.

**4.36** An cuspóir atá ag athbhreithnithe iarthionscadail aon cheacht atá le foghlaim i leith tionscadal amach anseo a aithint. Ba chóir athbhreithnithe a dhéanamh i ndiaidh go leor ama dul thart agus ba chóir go mbreathnófaí iontu ar na gnáthaimh meastóireachta agus bainistíochta a úsáideadh agus ar thoradh an tionscadail. Rinneadh athbhreithnithe iarthionscadail ar 10 de na 17 dtionscadal atá á bhfeidhmiú le cúig bliana anuas nó níos mó - naoi dtionscadal iompair agus tionscadal na gCúirteanna Coiriúla.

**4.37** Ar an meán, bíonn athbhreithnithe iarthionscadail déanta ag TII sé bliana i ndiaidh chur i gcrích an tionscadail.

**4.38** I ndiaidh athbhreithniú Dheireadh Fómhair 2012 ar thionscadal PPP na gCúirteanna Coiriúla, rinne Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Seirbhíse Cúirteanna athbhreithniú bainistíochta ar an gconradh PPP in 2016.[2]

**4.39** Níor foilsíodh aon athbhreithniú iarthionscadail go dtí seo. Le linn an scrúdaithe seo, tá maíte ag an tSeirbhís Chúirteanna go socróidh sé go bhfoilseofar athbhreithniú iarthionscadail Thionscadal na gCúirteanna Coiriúla 2012 ar a suíomh gréasáin.

**4.40** Ní dhearnadh athbhreithnithe iarthionscadail ar aon cheann de na tionscadail oideachais. Tá maíte ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nach ndearnadh an t-athbhreithniú a bhí beartaithe ar an mBeartán Píolótach Scoileanna - a thosaigh ag feidhmiú in 2002 - de gheall ar shrianta acmhainní. Tá maíte aici go rabhthas ag dúil le hathbhreithniú ar an tionscadal a chur i gcrích in 2018.[3]

## Conclúidí

**4.41** Tá clár PPP na hÉireann ag leanúint den fhás agus roinnt tionscadal á dtógáil faoi láthair agus roinnt eile á bhforbairt. Tá teorainn 10% socraithe mar chostas bliantúil PPP i leith an Státchiste mar sciar den chaiteachas caipitil ar fad. D'fhonn an teorainn seo a fheidhmiú go héifeachtach, is tábhachtach gur ann do shainmhíniú soiléir ar na paraiméadair agus do rialú agus monatóireacht éifeachtach.

**4.42** Tuairiscíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe caiteachas carnach níos mó ná €3 billiún go deireadh 2016 ar mhórthionscadail PPP agus ceangail mheasta gan íoc dar suim €6.6 billiún. Ba mhéadú €3.5 billiún (58%) é sin ó bhí 2012 ann i suim iomlán réamh-mheasta chostais thionscadail PPP, a mbaineann a bhunús le conarthaí nua a aontaíodh ó shin.

**4.43** De thoradh roinnt tionscadal a bheith á soláthar faoi láthair mar PPP agus súil lena thuilleadh, meastar anois go méadófar costas iomlán bliantúil íocaíochtaí aonadacha ó €225 milliún in 2016 go €345 milliún in 2021.

1 Is é an *Cód Caiteachais Phoiblí* an tacar rialacha agus gnáthamh a fheidhmítear chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin meastóireacht caiteachais agus luach ar airgead i ngach cuid de Sheirbhís Phoiblí na hÉireann.

2 Tá achoimre ar mhionsonraí athbhreithniú Dheireadh Fómhair 2012 i gCaibidil 3 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012.

3 Mhaígh an Roinn in 2012 go rabhthas ag dúil le hathbhreithniú ar an mBeartán Píolótach Scoileanna a chur i gcrích faoi dheireadh 2013.

**4.44** Is tosca tábhachtacha iad bainistiú feidhmíocht chonarthaí PPP, forálacha tagarmharcála agus tástáil margaidh a fhorfheidhmiú agus socruithe comhroinnte riosca atá idir lámha a bhainistiú chun a chinntiú go bhfaigheann an Stát luach ar airgead le linn an chonartha agus chun costas seirbhísí a bhailíochtú. Sainaithníodh sábháiltí i roinnt tionscadal de thairbhe bearta tagarmharcála. Tháinig asbhaintí as muirir aonadacha fosta agus, níos tábhachtaí fós, tugadh dreasacht chun a chinntiú go soláthrófar áiseanna agus seirbhísí an chonartha de thairbhe forfheidhmiú feidhmíochta agus infhaighteacht forálacha conartha.

**4.45** Is den tábhacht meastóireacht iarfheidhmiúcháin thionscadail PPP agus tionscadal a sholáthraítear trí na gnáthmhodhanna le go n-aithneofaí ceachtanna atá le foghlaim maidir le tionscadail eile feasta. Ba chóir a leithéid d'athbhreithnithe iarthionscadail a dhéanamh i ndiaidh dóthain ama a chaitheamh le go mbeadh an tionscadal iomlán oibríochtúil ach tá éagsúlacht ag baint leis an méid athbhreithnithe atá le déanamh. Rinneadh athbhreithnithe ar 10 de na 17 dtionscadal atá á bhfeidhmiú le cúig bliana anuas nó níos faide. Rinneadh athbhreithniú ar naoi dtionscadal iompair agus, ar an meán, rinneadh na hathbhreithnithe sé bliana i ndiaidh chur i gcrích na dtionscadal. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú ar thionscadal na gcúirteanna coiriúla, atá ag feidhmiú ó bhí 2009 ann, in 2012. Seachas iad seo, níor cuireadh aon mheastóireacht eile i gcrích ar thionscadail oibríochtúla PPP.

**4.46** Go dtí seo, níor foilsíodh athbhreithnithe iarthionscadail ar bith. Ba chuidiú é iad a fhoilsiú chun cuntasacht i leith agus tuiscint an phobail a fheabhsú ar cé acu atá nó nach bhfuil luach ar airgead le gnóthú as PPPanna.

**Moladh 4.1**

Ba chóir don RCPA a chinntiú go ndéanfar athbhreithnithe iarthionscadail i ndiaidh dóthain ama a chaitheamh le go mbeadh an tionscadal iomlán oibríochtúil agus a chinntiú go bhfoilseofar na hathbhreithnithe.

**Freagairt Oifigeach Cuntasachta na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe**

Aontaithe go páirteach. Cé gurb é RCPA atá freagrach as an treoir a éilíonn go ndéantar athbhreithnithe iarthionscadail ar mhórthionscadail chaipitil, is faoin roinn bhainteach atá sé a chinntiú go gcuirtear athbhreithnithe den sórt i gcrích. Leanfaidh RCPA de threisiú gur tábhachtach cloí leis an riachtanas athbhreithnithe iarthionscadail a dhéanamh. Cuimseofar riachtanas chun athbhreithnithe iarthionscadail a fhoilsiú (faoi réir leasú aon eolas atá íogair ó thaobh na tráchtála de) in athbhreithniú ar an *gCód Caiteachais Phoiblí* atá idir lámha agus i dtreoir athbhreithnithe PPP atá le heisiúint sa neastodhchaí.

## Iarscríbhinn 4A An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sceideal conarthaí, deireadh 2016

Sa liosta seo a leanas tá na tionscadail ar leith a thuairiscigh na ranna agus gníomhaireachtaí faoi seach. Níl san áireamh ach tionscadail dar luach measta forbairt chaipitil €20 milliún nó níos mó. Tá CBL san áireamh i ngach suim (mura ndeirtear a mhalairt).

### *Nádúr airgeadais shocruithe PPP*

Tá éagsúlacht idir thionscadail maidir leis an struchtúr atá ann chun an earnáil phríobháideach a chúiteamh as sócmhainní agus/nó seirbhísí a sholáthar. I mórán cásanna, glacann urraithe poiblí an tionscadail le cinntí conartha d'fhonn íocaíochtaí rialta a dhéanamh leis an bpáirtí earnála príobháidí le linn an tionscadail. I gcásanna eile, is ar bhonn lamháltais a eagraítear tionscadail, trína bhfaigheann an páirtí earnála príobháidí cuid den chúiteamh nó é ar fad i bhfoirm muirir a ghearrtar ar úsáideoirí na seirbhíse.

### *Scóip thionscadail PPP*

Is mar seo a leanas a léirítear na gnéithe earnála príobháidí a cuireadh le gach tionscadal

**D** dearadh seirbhíse/bonneagair

**B** Sócmhainní caipitil a thógáil/shíneadh/athchóiriú

**F** Airgeadas a chur ar fáil (m.sh. caipiteal gnáthscaireanna príobháideacha agus iasacht a sholáthar/gnóthú; muirir úsáideoirí a bhailiú)

**O** Sócmhainní a fheidhmiú (m.sh. bainistíocht áiseanna; fostú foireann seirbhísí)

**M** Sócmhainní a chothabháil le linn an chonartha.

## Fíor 4A.1 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sceideal conarthaí, ag deireadh 2016

| Roinn / Gníomhaireacht | Aicmiú tionscadail | Oibríochtúil ó/go | Luach Conartha[a] | Íocaíochtaí aonadacha PPP go deireadh 2016[b] | Íocaíochtaí aonadacha réamh-mheasta PPP amach anseo i dtéarmaí ainmniúla[c] | Íocaíochtaí eile PPP mar a bhfuil siad ar fáil[d] | Costas iomlán réamh-mheasta gach íocaíocht PPP | Comhlacht PPP |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €m | €m | €m | €m | €m | |
| **Sláinte** | | | | | | | | |
| Beartán Cúraim Phríomhúil | DBFM | 2017/2042 | **140.0** | — | **422.3** | **35.5** | **457.8** | Ionaid Cúraim Sláinte PPP Teo |
| **OOP** | | | | | | | | |
| An Lárionad Náisiúnta Comhdhála | DBFOM | 2010/2035 | **189.8** | **269.2** | **477.3** | **32.9** | **779.4** | Spencer Dock Convention Centre Dublin Ltd |
| **Dlí agus Ceart** | | | | | | | | |
| Ionad na gCúirteanna Coiriúla | DBFOM | 2009/2035 | **132.4** | 149.7 | 455.9 | 17.9 | 623.5 | IPP CCC Partnership Ltd arna bhainistiú ag Amber Infrastructure Ireland |
| Beartán na gCúirteanna | DBFOM | 2017/2042 | **149.9** | — | 362.8 | 20.9 | 383.7 | Cuibhreannas BAM PPP PGGM |
| **Iomlán na Roinne Dlí agus Cirt** | | | **282.3** | **149.7** | **818.7** | **38.8** | **1,007.2** | |
| **Oideachas** | | | | | | | | |
| 5 Scoil Phíolótacha | DBFM | 2002/2027 | **63.7** | 161.3 | 129.1 | Le deimhniú[e] | 290.4 | Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach na Scoileanna (Éire) Teo |
| An Coláiste Náisiúnta Muirí | DBFM | 2004/2029 | **51.4** | 112.3 | 75.5 | Le deimhniú[e] | 187.8 | Fócas Oideachais (NMC) Teo |
| Scoil Cheoil Chorcaí | DBFM | 2007/2032 | **49.3** | 85.4 | 144.8 | Le deimhniú[e] | 230.2 | Seirbhísí PPP CSM Teo |
| Beartán Scoileanna 1 | DBFM | 2010/2035 | **59.9** | 63.7 | 181.9 | Le deimhniú[e] | 245.6 | MPFI Scoileanna 1 Teo |
| Beartán Scoileanna 2 | DBFM | 2011/2036 | **81.7** | 75.7 | 266.7 | Le deimhniú[e] | 342.4 | Pymble Schools Teo |
| Beartán Scoileanna 3 | DBFM | 2013/2039 | **100.0** | 55.4 | 355.0 | Le deimhniú[e] | 410.4 | BAM PPP Teo |
| Beartán Scoileanna 4 | DBFM | 2016/2042 | **61.3** | 14.0 | 201.6 | Le deimhniú[e] | 215.6 | BAM PPP Teo |
| Beartán Scoileanna 5 | DBFM | 2017/2042 | **90.9** | — | 255.7 | Le deimhniú[e] | 255.7 | Cuibhreannas Spásanna Spreagtha |
| **Iomlán Oideachais** | | | **558.2** | **567.8** | **1,610.3** | **0.0** | **2,178.1** | |

## Figiúr 4A.1 Sceideal na gConarthaí Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag deireadh 2016 (ar lean)

| Roinn / Gníomhaireacht | Aicmiú tionscadail | Oibríochtúil ó/go | Luach conartha[a] | Íocaíochtaí aonadacha PPP go deireadh 2016[b] | Íocaíochtaí aonadacha réamh-mheasta PPP amach anseo i dtéarmaí ainmniúla[c] | Íocaíochtaí eile PPP mar a bhfuil siad ar fáil[d] | Costas iomlán réamh-mheasta gach íocaíocht PPP | Comhlacht PPP |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €m | €m | €m | €m | €m | |
| **Bonneagar Iompair Éireann** | | | | | | | | |
| M3 Cluain Aodha Ceanannas[f] | DBFOM | 2010/2052 | **521.2** | 395.8 | 266.7 | 43.9 | 706.4 | Oibríochtaí Mótarbhealach Eurolink (M3) Teo |
| Tollán Luimnigh[f] | DBFOM | 2010/2041 | **382.5** | 220.6 | 32.8 | 28.2 | 281.6 | DirectRoute (Luimneach) Teo |
| Uasghrádú M50 | DBFOM | 2010/2042 | **219.1** | 148.7 | 718.1 | 77.8 | 944.6 | M50 (Lamháltas) Teo |
| Crois an Fhearainn Nua agus N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi | DBFOM | 2014-2015/2040 | **131.2** | 20.7 | 421.0 | 23.6 | 465.3 | N11 An tInbhear Mór Ráth Naoi PPP Teoranta |
| M17/18 Gort/Tuaim | DBFOM | 2017/2042 | **271.4** | — | 894.3 | 37.9 | 932.2 | DirectRoute (Tuam) Teo |
| M11 Guaire/Inis Córthaidh | DBFOM | 2019/2044 | **234.5** | — | 476.0 | 31.7 | 507.7 | M11 Guaire go hInis Córthaidh PPP Teoranta |
| N25 Ros Mhic Thriúin | DBFOM | 2019/2044 | **150.6** | — | 304.2 | 32.1 | 336.3 | Comhlacht Gníomhaíochta Ainmnithe Sheachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin |
| M4 Cill Choca / Cionn Átha Gad | Lamháltas | 2005/2033 | **301.8** | 168.2 | 5.4 | 5.7 | 179.3 | Oibríochtaí Mótarbhealach Eurolink (M4) Teo |
| M1 Dún Dealgan | Lamháltas | 2005/2034 | **112.6** | — | 3.1 | 3.8 | 6.9 | Celtic Roads Group (Dún Dealgan) Teo |
| M8 Mainistir Fhear Maí | Lamháltas | 2006/2024 | **182.7** | 134.2 | 15.7 | 1.8 | 151.7 | DirectRoute (Mainistir Fhear Maí) Teo |
| N25 Port Láirge | Lamháltas | 2009/2027 | **262.3** | 155.1 | 39.3 | 2.4 | 196.8 | Celtic Roads Group (Port Láirge) Teo |
| N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | Lamháltas | 2009/2035 | **297.8** | 300.3 | 51.6 | 19.6 | 371.5 | N6 (Lamháltas) Teo |
| M7/8 Port Laoise | Lamháltas | 2010/2023 | **300.1** | 72.4 | 7.7 | 5.6 | 85.7 | Celtic Roads Group (Port Laoise) Teo |
| MSA | Lamháltas | 2010/2010 | **62.7** | 47.1 | — | — | 47.1 | Superstop Teo |
| **TII Iomlán** | | | **3,430.3** | **1,663.1** | **3,235.9** | **314.1** | **5,213.1** | |
| **Iomlán[g]** | | | **4,600.6** | **2,649.8** | **6,564.5** | **421.3** | **9,635.6** | |

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nótaí:
- a Costas na hinfheistíochta dá dtagraítear i gconradh an tionscadail (gan CBL san áireamh). Léirítear ann an dearadh ainmniúil agus costas foirgníochta an tionscadail.
- b Léirítear ann na méideanna íocaíocht charnach aonadach a d'íoc na Ranna leis na comhlachtaí PPP.
- c Léirítear ann dliteanais ainmniúla a bheidh ag na Ranna amach anseo maidir leis na tionscadail. Ríomhtar íocaíochtaí réamh-mheasta ainmniúla faoi cheanglas amach anseo ar an mbonn go meastar boilsciú bliantúil ag 2% in aghaidh na bliana.
- d Gabhtar le híocaíochtaí eile PPP íocaíochtaí caiteachas caipitil a bhaineann le tionscadal PPP ach ní thagann siad faoi cheannteideal na n-íocaíochtaí aonadacha, .i. sealbhú talún, oibreacha cumasúcháin, íocaíochtaí urchair CBL agus athruithe údaráis.
- e Tá athbhreithniú ar íocaíochtaí eile PPP á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is féidir go n-athrófar figiúirí costais iomlána PPP fosta sa chomhthéacs sin.
- f Áirítear leis íocaíochtaí is gá faoin meicníocht conradh ráthaíocht tráchta. Ní áirítear le luach ainmniúil na n-íocaíochtaí eile aon mhéideanna atá le híoc amach anseo faoin meicníocht seo.
- g Is féidir go n-athrófar figiúirí costais iomlána PPP agus tiomantais amach anseo.